

Ráiteas agus Deimhniú maidir le hIoncam Cáilitheach

Soláthraithe seirbhísí maidir leis na meáin chlosamhairc ar éileamh

Réamhrá

I gcomhréir le Cuid 1 den Phróiseas Réitigh Tobhaigh arna fhoilsiú ag Coimisiún na Meán (an 'Coimisiún'), leag an Coimisiún amach an clár oibre seo a leanas do sholáthraithe seirbhíse maidir leis na meáin chlosamhairc ar éileamh chun a ráitis maidir le hioncam cáilitheach, arna ndeimhniú go cuí ag a n-iniúcháirí, a sholáthar don Choimisiún.

Tá próiseas dhá chéim curtha le chéile ag an gCoimisiún chun leibhéal inghlactha compoird a sholáthar go bhfuil ráiteas gach soláthraí ar ioncam cáilitheach ullmhaithe go cuí ag soláthraí ar an gcéad dul síos, agus ar an dara dul síos, go bhfuil an ráiteas maidir le hioncam cáilitheach deimhnithe mar ráiteas cruinn ag iniúcháirí an tsoláthraí ábhartha.

Áirítear sa doiciméad seo sonraí an phróisis dhá chéim mar seo a leanas:

1. Nósanna imeachta a comhaontaíodh lena gcur i gcrích ag cuntasóir neamhspleách

Leagtar amach i Roinn 1 den doiciméad seo na nósanna imeachta comhaontaithe atá le cur i gcrích. Áirítear leis sin:

- litir shamplach rannpháirtíochta ón gcuntasóir neamhspleách chuig an soláthraí;
- Foscríbhinn A - ráiteas samplach ar ioncam cáilitheach atá le soláthar ag stiúrthóirí an tsoláthraí; agus
- Foscríbhinn B - foirm shamplach de thuarascáil ón gcuntasóir neamhspleách chuig an soláthraí;
- Treoraíocht maidir le méid an tsampla (méid an tsampla coigeartaithe).

Féadfaidh an cuntasóir neamhspleách a bheith ina iniúcháir ar an gcuideachta freisin.

Tá an tsraith nósanna imeachta comhaontaithe seo ceaptha chun a chinntiú gur chomhlíon an cuideachta go hiomlán, agus an ráiteas maidir le hioncam cáilitheach á ullmhú aici, ceanglais an Choimisiúin ina leith sin agus gur úsáid sí an bonn ar a ríomhtar ioncam cáilitheach mar atá leagtha amach san ordú tobhaigh ábhartha.

2. Deimhniú a ullmhú lena dtacaítear leis an ráiteas maidir le hioncam cáilitheach

Ní mór an ráiteas ar ioncam cáilitheach a bheith deimhnithe ag Duine Cáilithe¹.

Áirítear an méid seo a leanas i Roinn 2:

- litir shamplach fostaíochta ó dhuine cáilithe chuig an soláthraí;
- foirm shamplach de dheimhniú ón duine cáilithe chuig an soláthraí; agus
- Treoraíocht maidir le méid caighdeánach an tsampla

Éilíonn an Coimisiún ar gach soláthraí deimhniú a sholáthar a thacaíonn leis an ráiteas maidir le hioncam cáilitheach i gcomhréir leis an bpróiseas dhá chéim a leagtar amach thuas. Nuair a bheidh siad comhlánaithe, ní mór na doiciméid seo a leanas a chur faoi bhráid an Choimisiúin:

¹ciallaíonn 'duine cáilithe' duine atá cáilithe lena cheapadh nó lena ceapadh mar iniúcháir cuideachta faoi alt 468 (6) d'Acht na gCuideachtaí, 2014 arna leasú.

Soláthraithe seirbhíse maidir leis na meáin chlosamhairc ar éileamh

- cóip den ráiteas maidir le hioncam cáilitheach;
- deimhniú an duine cáilithe; agus
- cóip de na cuntais iniúchta don tréimhse iomchuí.

Ba cheart fiosruithe maidir leis na ceanglais sin ó sholáthraithe nó óna nduine/daoine cáilithe a chur chuig an gCoimisiún ag levy@cnam.ie.

Amlíne le haghaidh Aighneachtaí

Ba cheart aighneachtaí a bhaineann leis an tréimhse thobhaigh ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026 ('Tréimhse Thobhaigh 2026') a dhéanamh chuig levy@cnam.ie, faoin 30 Meitheamh 2026.

Tabhair do d'aire go mbeidh moill ar an bpróiseas réitigh do Bhliain Tobhaigh 2026 de dheasca aighneacht dhéanach.

Soláthraithe seirbhíse maidir leis na meáin chlosamhairc ar éileamh

Cuid 1: Nósanna imeachta a comhaontaíodh lena gcur i gcrích ag cuntasóir neamhspleách

Doiciméid shamplacha le haghaidh Nósanna Imeachta Comhaontaithe

Tá dréachtlitir rannpháirtíochta shamplach idir Cuntasóir Neamhspleách agus soláthraí leagtha amach thíos le haghaidh éascaíochta Mar sin féin, is faoin soláthraí agus faoin gCuntasóir Neamhspleách atá fostaithe ag an soláthraí atá sé téarmaí sonracha an chonartha don rannpháirtíocht sin a chomhaontú eatarthu féin.

Níl sé i gceist leis an litir shamplach seo téarmaí agus coinníollacha a fhorordú idir an soláthraí agus an Cuntasóir Neamhspleách ceaptha ná cosc a chur ar an soláthraí agus ar an gCuntasóir Neamhspleách ceaptha téarmaí agus coinníollacha éagsúla a chomhaontú.

1.1 Litir shamplach rannpháirtíochta an Chuntasóra Neamhspleách

Sa litir rannpháirtíochta seo:

ciallaíonn ‘**Ordú Tobhaigh**’ I.R. Uimh. 602 de 2025, an tOrdú Tobhaigh um an Acht Craolacháin 2009 (Alt 21), 2025.

Tagraíonn ‘**Ainm an tSoláthraí**’ nó ‘**an Chuideachta**’ don eagraíocht a gceanglaítear uirthi Ráiteas maidir le hloncam Cáilitheach a chomhlánú (an ‘Ráiteas’).

tagraíonn ‘**Ainm an Chuntasóra Neamhspleách**’ don [cuir isteach gairm, e.g. Cuntasóir] a chuireann na nósanna imeachta i gcrích, a d’fhéadfadh a bheith ar an duine a rinne iniúchadh ar ráitis airgeadais an tsoláthraí dá dtagraítear in Airteagail 12 agus 13 den Ordú Tobhaigh.

TABHAIR FAOI DEARA: D’fhéadfadh sé gur mhian leis an Duine Cáilithe míreanna breise a chur san áireamh a bhaineann le (a) freagrachtaí reachtacha eile (e.g. tuairisciú d’Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (más infheidhme), leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001 agus leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010) agus (b) a dTéarmaí Gnó caighdeánacha lena gcumhdaítear nithe amhail díospóidí, teorainneacha dlíteanais agus cumarsáid leictreonach a réiteach.

Soláthraithe seirbhíse maidir leis na meáin chlosamhairc ar éileamh

PRÍOBHÁIDEACH & RÚNDA

Na Stiúrthóirí
[Ainm an tSoláthraí]
[seoladh]

[dáta]

A Dhaoine Uaisle,

Réamhrá

Ceanglaítear ar [Ainm an tSoláthraí] ('an Chuideachta') Ráiteas na Stiúrthóirí maidir le hloncam Cáilitheach ('an Ráiteas') agus doiciméadacht tacaíochta, an tuarascáil a d'ullmhaigh na cuntasóirí neamhspleácha [Ainm an Chuntasóra Neamhspleách] ar Ráiteas na Stiúrthóirí maidir le hloncam Cáilitheach, agus an litir ionadaíochta, más ann di, a bhaineann leis an tuarascáil sin, a chur faoi bhráid Choimisiún na Meán ('an Coimisiún').

Dá réir sin, leagtar amach an méid seo a leanas sa litir seo (lena n-áirítear na Foscríbhinní [agus na Téarmaí Gnó]²):

- (i) is é an tuiscint atá againn ar threoracha na Cuideachta do [Ainm an Chuntasóra Neamhspleách] ná na seirbhísí atá leagtha amach thíos (na "Seirbhísí") a sholáthar don Chuideachta;
- (ii) réimsí freagrachta na Cuideachta faoi seach agus [Ainm an Chuntasóra Neamhspleách];
- (iii) na téarmaí ar a soláthróidh [Ainm an Chuntasóra Neamhspleách] na Seirbhísí sin
- (iv) agus na teorainneacha bunúsacha a bhaineann leis an rannpháirtíocht theoranta sin ó thaobh raon feidhme de.

Tá stiúrthóirí na Cuideachta freagrach as na nithe seo a leanas:

- (i) a chinntiú go gcoimeádann an Chuideachta taifid chuntasaíochta a nochtann le cruinneas réasúnach, tráth ar bith, staid airgeadais na Cuideachta;
- (ii) taifid chuntasaíochta uile na Cuideachta a chur ar fáil dúinn, de réir mar is gá agus nuair is gá, mar aon le gach taifead ábhartha eile, lena n-áirítear miontuairiscí chruinnithe uile na Stiúrthóirí, na bainistíochta agus na scairshealbhóirí, agus cibé faisnéis agus mínithe a mheasaimid is gá chun na Seirbhísí a chomhlíonadh;
- (iii) idirbhearta a thaifeadadh i gceart sna taifid chuntasaíochta agus rialú inmheánach a bhunú agus a choinneáil ar bun ar leor é chun gur féidir faisnéis airgeadais a ullmhú;
- (iv) a aithint agus a chinntiú go gcomhlíonann an Chuideachta na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme maidir lena gníomhaíochtaí agus aon chonarthaí nó comhaontuithe eile a rinne sí agus ar féidir go n-iarrfar orainn tuairisc a thabhairt orthu;
- (v) gach faisnéis a chur ar fáil dúinn, ar bhonn tráthúil, a bhaineann leis an gCuideachta nó leis an idirbheart / na hidirbhearta agus le pearsanra na Cuideachta ar féidir linn

²Scrios mura n-áirítear Téarmaí Gnó de ghnáth i [Ainm an Chuntasóra Neamhspleách].

Soláthraithe seirbhíse maidir leis na meáin chlosamhairc ar éileamh

fiosrúcháin a threorú chucu, de réir mar is infheidhme agus de réir mar is gá i gcomhlíonadh na Seirbhísí;

- (vi) agus an fhaisnéis go léir atá ábhartha a sholáthar do [Ainm an Chuntasóra Neamhspleách], agus déanfaidh sé, de réir mar is gá, an fhaisnéis sin a nuashonrú agus a cheartú. Braithfimid go hiomlán ar an gCuideachta as fírinne, cruinneas agus iomláine na faisnéise a chuirtear in iúl dúinn agus ní dhéanfaimid aon iniúchadh ná nósanna imeachta eile chun an fhaisnéis a sholáthraíonn tú a sheiceáil, a fhíorú nó a thástáil ar shlí eile ach amháin a mhéid a luaitear go sainráite sa litir seo.

Seirbhísí atá le soláthar

1. Cuirfimid i gcrích raon feidhme teoranta sonraithe na nósanna imeachta a leagtar amach i roinn 1.3 - Foscríbhinn B i leith an Ráitis don tréimhse lena gcumhdaítear <Il Mí bbbbb> (an 'Ráiteas') atá i gceangal i bhFoscríbhinn A.
2. Tá an chuideachta freagrach as cibé an bhfuil scóip ár gcuid oibre atá sonraithe in Aguisín B leordhóthanach le haghaidh do chuspóirí.
3. Is iad stiúrthóirí na Cuideachta amháin a d'ullmhaigh an Ráiteas agus is iad na stiúrthóirí sin amháin atá freagrach as.
4. Ar na Nósanna Imeachta Comhaontaithe a thabhairt chun críche, agus ar choinníoll go dtacaíonn na torthaí leis sin, soláthróidh [Ainm an Chuntasóra Neamhspleách] Tuarascáil don Chuideachta i bhfoirm na dréacht-Tuarascála atá i gceangal le Foscríbhinn B (an 'Tuarascáil'). Cuirtear ár dTuarascáil ar fáil d'úsáid agus do shochar na Cuideachta amháin agus chun an t-ioncam cáilitheach atá leagtha amach ag an gCuideachta sa Ráiteas a dheimhniú.
5. Ní úsáidfear ár dTuarascáil chun aon chríche eile ná ní dhéanfar í a chóipeáil, a dháileadh ná a chur ar fáil ar shlí eile (seachas í a chur faoi bhráid an Choimisiúin) ná ní thagrófar di gan ár dtoiliú i scríbhinn a fháil roimh ré. Ní ghlacfaidh [Ainm an Chuntasóra Neamhspleách] le haon dlíteanas ná freagracht i leith aon tríú páirtí a dtaispeántar an Tuarascáil dó nó a bhféadfadh sí teacht faoina láimh.
6. Ní iniúchadh ná athbhreithniú iad na Seirbhísí a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (Éire) ná na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Rannpháirtíochtaí Athbhreithnithe.
7. D'aontaigh [Ainm an Chuntasóra Neamhspleách] nár fostaíodh muid chun iniúchadh nó athbhreithniú a dhéanamh agus nach ndéanfaidh muid iniúchadh ná athbhreithniú, arb é an cuspóir a bheadh leis tuairim a chur in iúl maidir leis an Ráiteas. Dá réir sin, ní chuirfimid tuairim den sórt sin in iúl. Dá ndéanfaimis nósanna imeachta breise nó dá ndéanfaimis iniúchadh nó athbhreithniú ar an Ráiteas, d'fhéadfadh ábhair eile teacht ar ár n-aird a thuirisceofaí duit. Ní bhainfidh ár dTuarascáil ach leis an Ráiteas agus ní bhainfidh sí le haon ráitis airgeadais de chuid na Cuideachta ina hiomláine. Déanfar ár gcuid oibre i gcomhréir leis an treoraíocht atá sa Chaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Seirbhísí Gaolmhara 4400 'Rannpháirtíochtaí chun Nósanna Imeachta Comhaontaithe a Chur i bhFeidhm maidir le Faisnéis Airgeadais'.
8. Rinneadh agus déantar [obair iniúcháireachta [Ainm an Chuntasóra Neamhspleách] ar ráitis airgeadais na Cuideachta de réir oibleagáidí reachtúla agus bhí agus tá na tuarascálacha iniúcháireachta beartaithe chun tairbhe na Cuideachta agus scairshealbhóirí

Soláthraithe seirbhíse maidir leis na meáin chlosamhairc ar éileamh

na Cuideachta faoi seach mar chomhlacht, a bhfuil siad dírithe air, agus chuige sin amháin. Ní dhearnadh agus ní dhéanfar an t-iniúchadh ar ráitis airgeadais na Cuideachta a phleanáil ná a sheoladh in oirchill riachtanais aon duine seachas na comhaltaí mar chomhlacht, agus dá bhrí sin níl sé i gceist leis an obair iniúcháireachta aghaidh a thabhairt ar ábhair a bhféadfadh leas a bheith ag aon duine seachas na comhaltaí mar chomhlacht iontu ná iad a léiriú.

Ní ghlacfaidh [Ainm an Chuntasóra Neamhspleách], de bhua an Tuarascáil seo a ullmhú, nó ar shlí eile i ndáil leis an rannpháirtíocht seo, aon fhreagracht air féin cibé acu i gconradh, i dtort (lena n-áirítear faillí gan teorainn) nó ar shlí eile i ndáil leis na hiniúchtaí ar ráitis airgeadais na Cuideachta; [Ainm an Chuntasóra Neamhspleách] agus a chomhpháirtithe, a fhostaithe, a ghníomhairí agus a chonraitheoirí faoi seach, ní bheidh aon dliteanas orthu cibé acu i gconradh, i dtort (lena n-áirítear faillí gan teorainn) nó ar shlí eile, i leith aon tríú páirtithe i ndáil leis na hiniúchtaí ar ráitis airgeadais na Cuideachta.]³

Raon feidhme ár gcuid oibre

Leagtar amach i bhFoscú B raon feidhme ár gcuid oibre agus na nósanna imeachta a dhéanfaimid agus ár dTuarascáil á hullmhú againn. Mura gcomhlíonann an raon feidhme agus na nósanna imeachta riachtanais na Cuideachta, cuir sin in iúl dúinn le do thoil ionas gur féidir linn raon feidhme difriúil nó nósanna imeachta breise nó malartacha a phlé. Ba chóir go dtuigfeadh an Chuideachta nach bhfuil aon ráthaíocht ann go n-aithneofar na hábhair go léir a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar spéise duit mar thoradh ar na nósanna imeachta sin.

Beidh ár gcuid oibre bunaithe go príomha ar fhaisnéis bainistíochta inmheánach agus déanfar é ar an toimhde go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraíonn an Chuideachta dúinn iontaofa agus, ar gach slí ábhartha, cruinn agus iomlán. Ní chuirfimid an fhaisnéis a sholáthraíonn an Chuideachta

nó atá inár dtuarascálacha agus inár litreacha faoi réir nósanna imeachta seiceála nó fíoraithe ach amháin a mhéid a luaitear go sainráite. Is gnáthchleachtas é sin agus seirbhísí raon feidhme teoranta den sórt sin á ndéanamh, ach tá sé i gcodarsnacht shuntasach le hiniúchadh, mar shampla. Ní thugann fiú obair iniúcháireachta, le leibhéal suntasach tástála mionsonraithe ar idirbhearta agus iarmhéideanna, aon ráthaíocht go mbraithfear calaois. Dá bhrí sin, ní mór don Chuideachta a thuiscint nach bhfuil na Seirbhísí deartha agus nach dócha go nochtfaidh siad calaois nó mífhaisnéis ó bhainistíocht nó ó fhostaithe na Cuideachta. Dá réir sin, ní féidir linn glacadh le freagracht as calaois a bhrath (cibé acu ag an mbainistíocht, ag fhostaithe nó ag páirtithe seachtracha) nó as mífhaisnéis ó bhainistíocht nó ó fhostaithe na Cuideachta.

Más mian leis an gCuideachta go ndéanfaimis obair atá deartha go sonracha chun calaois (nó obair fhíoraithe eile i réimsí áirithe) a bhrath, beidh áthas orainn é sin a phlé, ach ba chóir go dtuigfeadh an Chuideachta go dteastaíonn cur chuige an-difriúil de ghnáth, scála ama níos faide agus bheadh orainn téarmaí sonracha a chomhaontú ar a ndéanfaimis (nó nach ndéanfaimis) an obair.

Tráthchlár

Tá súil againn go mbeidh muid in ann tús a chur leis na Seirbhísí ar [dáta] agus tá súil againn go mbeidh ár dTuarascáil críochnaithe faoin [dáta]. Braithfidh ár gcuid oibre ar chomhoibriú iomlán a fháil gan moill mhíchúí ó oifigigh ábhartha uile na Cuideachta agus ar a nochtadh dúinn ar thaifid chuntasaíochta uile na Cuideachta agus ar gach taifead agus faisnéis

³Ná cuir isteach ach amháin más é [Ainm an Chuntasóra Neamhspleách] Iniúcháir Reachtuil [Ainm an Chraoltóra] freisin

Soláthraithe seirbhíse maidir leis na meáin chlosamhairc ar éileamh ghaolmhar eile (lena n-áirítear uiríll áirithe) a d'fhéadfadh a bheith de dhíth orainn chun críche ár n-oibre.

Táillí

Déanfar ár dtáillí mar aon le CBL agus costais as póca a chomhaontú agus a bhilleáil chuig an gCuideachta.

Sa chás (i) go sainaithnímid aon ábhar ar féidir go mbeidh ceangal orainn de réir an dlí é a thuairisciú do na húdaráis nó (ii) go n-éilítear orainn le rialachán, reacht, ordú cúirte nó próiseas dlíthiúil eile freagra a thabhairt ar fhiosruithe na n-údarás ar ár dtuarascáil nó (iii) go gcomhaontaímid dár lánrogha féin tar éis iarraidh arna déanamh agat, ár bpáipéir oibre nó ár bpearsanra a thabhairt ar aird mar fhinnéithe

maidir lenár rannpháirtíocht duit, aisíocfaidh tú muid as ár gcuid ama agus caiteachais ghairmiúil, chomh maith le táillí agus costais ár gcomhairleoirí dlí agus ár gcomhairleoirí eile a thabhaítear go réasúnach agus ár n-oibleagáidí tuairiscithe á gcomhlíonadh. Ní bheidh feidhm ag an mír seo i gcás imeachtaí dlíthiúla a thionscnóidh tú inár gcoinne maidir leis an bhfostaíocht seo, nó maidir le cigireacht nó imscrúdú rialála ar [Ainm an Chuntasóra Neamhspleách].

Soláthraithe seirbhíse maidir leis na meáin chlosamhairc ar éileamh

Téarmaí Gnó

Leagtar amach sna Téarmaí Gnó a ghabhann leis seo dualgais gach páirtí maidir leis na Seirbhísí. Téarmaí gnó, i measc rudaí eile:

- a. ár ndliteanas a theorannú d'uasmhéid [méid seasta nó iolrach táillí] agus, faoi réir na teorann airgeadais foriomláine sin, don chuid d'aon chaillteanas a fhulaingítear atá comhréireach lenár bhfreagracht. Tá feidhm ag an teorainn sin maidir leis na Seirbhísí a leagtar amach sa litir seo;
- b. agus cuireann sé teorainn leis an tréimhse inar féidir éileamh a dhéanamh.

Cuimsíonn an litir seo, lena n-áirítear a Foscríbhinní agus na Téarmaí Gnó a ghabhann leo le chéile, an Conradh iomlán (an “Conradh”) chun na Seirbhísí a sholáthar d'eisiamh aon téarmaí sainráite nó intuigthe eile, cibé acu ó bhéal nó i scríbhinn, lena n-áirítear aon choinníollacha, barántaí agus uiríll agus glacfaidh sí ionad gach conartha, litir rannpháirtíochta, gealltanais, comhaontú agus comhfhreagrú roimhe sin maidir leis na Seirbhísí.]

Cáilíocht na seirbhíse

Déanfaidh [Ainm an Chuntasóra Neamhspleách] imscrúdú ar gach gearán a chuirfear in iúl dóibh. Tá sé de cheart ag an gCuideachta aon ghearán a dhéanamh le [Cuntasóirí Cairte Éireann [nó cuir isteach ainm comhlachtaí eile] ballchomhlacht]. Féadfaidh an chuideachta míniú a fháil ar na meicníochtaí a oibríonn maidir le gearán le Cuntasóirí Cairte Éireann óna suíomh gréasáin, www.cai.ie. [nó cuir isteach sonraí iomchuí le haghaidh comhlachtaí eile].

An Dlí is Infheidhme

Beidh an comhaontú seo á rialú i gcomhréir le dlí na hÉireann agus déanfar é a léirmhíniú agus a fhorléiriú dá réir sin.

Comhaontaíonn an chuideachta agus [Ainm an Chuntasóra Neamhspleách] go neamh-inchúlghairthe go mbeidh dlínse eisiach ag Cúirteanna na hÉireann aon díospóid a réiteach (lena n-áirítear éilimh ar fhritháireamh agus ar fhrithéilimh) a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ndáil le bailíocht, éifeacht, léiriú nó comhlíonadh an chomhaontaithe seo nó i ndáil leis an gcaidreamh dlíthiúil a bhunaítear leis an gcomhaontú seo nó a eascraíonn ar shlí eile i ndáil leis an gcomhaontú seo.

Admháil agus glacadh

Admhaigh le do thoil go nglacann tú le téarmaí ár rannpháirtíochta faoin gConradh tríd an deimhniú thíos a shíniú agus cóip den litir seo, lena n-áirítear na hAguisíní, a sheoladh ar ais chugainn ag an seoladh thuas atá marcáilte le haghaidh aird [Duine Ábhartha], agus air sin glacfaidh an Conradh éifeacht ón dáta a thosóidh muid ar na Seirbhísí.

Má tá aon cheist agat maidir leis an gconradh seo, ná bíodh aon leisce ort teagmháil a dhéanamh linn.

Mise le meas,

[Ainm an Chuntasóra Neamhspleách]

Soláthraithe seirbhíse maidir leis na meáin chlosamhairc ar éileamh

Deimhniú an Chonartha

Tar éis dom an Conradh ina bhfuil an litir rannpháirtíochta a léamh, lena n-áirítear na Foscúibhinní a ghabhann leis le [Ainm an Chuntasóra Neamhspleách] dar dáta [dáta], admhaím gur glacadh le [Ainm an Chuntasóra Neamhspleách] agus aontaím dul i dteagmháil leis maidir le forálacha don rud céanna agus deimhním go bhfuil mé údaraithe síniú thar ceann [Ainm an tSoláthraí].

Síniú:.....

Ainm agus Post:.....

Thar ceann [Ainm an tSoláthraí]

Dáta:.....

Soláthraithe seirbhíse maidir leis na meáin chlosamhairc ar éileamh

1.2 Foscríbhinn A – Ráiteas Samplach arna chomhlánú ag stiúrthóir an tsoláthraí

Stiúrthóir Airgeadais agus Soláthair
Coimisiún na Meán
1 Foirgnimh Shíol Bhroin,
Bóthar Shíol Bhroin
Baile Átha Cliath 4, D04 NP20.
Éire

[Dáta]

A Uasail XXX, a chara,

Re: [Ainm an tSoláthraí] ("an Chuideachta")

I gcomhréir le d'iarraidh dar dáta [dáta] soláthraímid an Ráiteas maidir le hIoncam Cáilitheach le haghaidh na tréimhse lena gcumhdaítear [luaigh an tréimhse] i gcomhréir le hAirteagail 12(1) agus 12(2) de I.R. Uimh. 602 de 2025 an tOrdú um an Acht Craolacháin 2009 (Alt 21), 2025 ('an tOrdú Tobhaigh').

Dearbhaímid go gcoinníonn an Chuideachta leabhair chuntais chuí a nochtann le cruinneas réasúnta, ag am ar bith, staid airgeadais na Cuideachta. Tá an t-ioncam cáilitheach a luaitear thíos i gcomhréir leis na téarmaí arna n-iarraidh agat agus leis an Acht Craolacháin 2009.

CBL iomlán – Ioncam eisiach (lena n-áirítear ioncam comhchineáil) le haghaidh na tréimhse [sonraigh an tréimhse a chumhdaítear] lena n-áirítear:	In EURO (€) agus i méid iomlán
Tabhair faoi deara: Ní mór an miondealú a sholáthraítear sna fochatagóirí seo a leanas (a)-(g) a bheith cothrom le figiúr an Ioncaim Iomláin eisiach ó CBL:	
(a) Deontais Rialtais nó Comhlachtaí Poiblí	
(b) Airgead ón Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt	
(c) Airgead ón scéim um maoiniú craolacháin	
(d) Ioncam arna ghiniúint ag soláthraí ó sholáthar seirbhíse meán closamhairc ar éileamh mar a leagtar amach i mír 4 de Sceideal 10 den Ordú Tobhaigh	
(e) Ioncam ó chumarsáid tráchtála, lena n-áirítear formhuirir ar íocaíochtaí déanacha, pionóis chealaithe, agus coimisiúin gníomhairí, glan ó aon íocaíocht luath nó lascaín ar mhéideanna a leagtar amach i míreanna 6, 7 agus 8 de Sceideal 10 den Ordú Tobhaigh	
(f) Comaoin neamhairgid ó chumarsáid tráchtála	
(g) Ioncam ó sheirbhísí idirghníomhacha sula n-asbhaintear costais cháilitheacha	
Asbhaintí Incheadaithe Iomlána ó Ioncam eisiach ó CBL le haghaidh na tréimhse [Sonraigh an tréimhse a chumhdaítear] lena n-áirítear:	
Tabhair faoi deara: Ní mór an miondealú a sholáthraítear sna fochatagóirí (h)-(j) seo a leanas a bheith cothrom le figiúr na nAsbhaintí Incheadaithe Iomlána:	
(h) Airgead a fuarthas faoi scéim um maoiniú craolacháin	
(i) Coimisiún gníomhairí i leith cumarsáid tráchtála faoi réir na dtéarmaí a leagtar amach i mír 8 de Sceideal 10 den Ordú Tobhaigh	
(j) Drochfhíach ar ioncaim cháilitheacha	

Soláthraithe seirbhíse maidir leis na meáin chlosamhairc ar éileamh

lomlán [Cuir isteach ainm na Cuideachta] Ioncam Cáilitheach le haghaidh na tréimhse [Cuir isteach an tréimhse a chumhdaítear]	
--	--

Tabhair faoi deara: Ioncam lomlán eisiach ó CBL - Asbhaintí Incheadaithe lomlána = Ioncam Cáilitheach lomlán	
---	--

Dearbhaímid gur ríomhadh an t-ioncam cáilitheach € [luaigh méid an ioncain cháilithigh] de réir fhorálacha an Ordaithe Tobhaigh.

Dearbhaímid gur cionroinneadh an t-ioncam cáilitheach go léir ar an tseirbhís inar cruinníodh é. I gcás nach féidir cionroinnt den sórt sin a dhéanamh, tá ioncam cáilitheach scaipthe thar na seirbhísí uile a sholáthraítear bunaithe ar mhiondealú céatadáin ar ioncam cáilitheach cionroinnte na seirbhísí uile a sholáthraítear.

Is féidir doiciméadacht tacaíochta maidir leis an bhfaisnéis thuas a iniúchadh ag áitreabh na Cuideachta ag [áitreabh na Cuideachta]

Mise le meas,

Stiúrthóir

1.3 Nósanna imeachta maidir le raon feidhme teoranta a fheidhmítear ar an Sceideal i bhFoscúbhinn A

Níor cheart na nósanna imeachta seo a leanas a sheoladh ach amháin i leith méideanna a thaispeántar ar an Sceideal i bhFoscúbhinn A, de bhreis ar an méid is airde de €5,000 nó 1.5% d'Ioncam Cáilitheach na bliana roimhe sin.

Ní gá tástáil a dhéanamh ar mhéideanna na míre líne aonair ar ríomh an Ioncaim Cháilitheach faoi bhun an leibhéil ábharthachta a ríomhtar thuas.

Ní gá na míreanna líne aonair a chuirtear le hIoncam Cáilitheach agus a asbhaintear as ansin a thástáil ach ar thaobh amháin – i.e. má dhéantar tástáil orthu ar thaobh an ioncaim, ní gá an mhír líne a thástáil arís ar thaobh na hasbhainte agus vice versa.

Más rud é, de bhua an leibhéil ábharthachta a ríomhtar thuas a chur i bhfeidhm, go bhfuil méid iomlán na míreanna líne nach ndéantar tástáil orthu níos mó ná 2 %/3 %/4 %* d'Ioncam Cáilitheach na bliana roimhe sin, ba cheart tástáil leordhóthanach a dhéanamh ar mhíreanna líne breise chun an t-iarbhéid iomlán gan tástáil a thabhairt faoi bhun na tairisí 2 %/3 %/4 %*.

* ba cheart an tairseach % a roghnú bunaithe ar an rátaí riosca (Íseal (4 %)/Modhnú (3 %)/Ard (2 %)) don soláthraí mar a chuir an Coimisiún in iúl don soláthraí.

Nósanna imeachta maidir le raon feidhme teoranta a fheidhmítear ar an Sceideal i bhFoscúbhinn A

1. Faigh tuiscint ar théarmaí agus coinníollacha an Achta Craolacháin 2009 (arna leasú) ('an tAcht') agus I.R. Uimh. 602 de 2025, an tOrdú Tobhaigh um an Acht Craolacháin 2009 (Alt 21), 2025 ('an tOrdú Tobhaigh') trí athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht agus ar fhaisnéis ábhartha eile.
2. Faigh ríomh mionsonraithe an ioncaim cháilitheach ón mbainistíocht san fhormaid a shonraítear ar an Sceideal i bhFoscúbhinn A.
3. Comhaontaigh An t-ioncam iomlán eisiach ó CBL don tréimhse a thaispeántar ar an Sceideal a ghabhann le leabhair agus taifid na cuideachta agus:
 - Cinntigh go réitíonn an méid a áirítear sa Ráiteas go cuí leis an gcomhardú trialach;
 - Cinntigh go bhfuil an t-ioncam uile eisiach ó CBL.
4. Seiceáil go bhfuil aon deontais rialtais agus comhlachtaí poiblí ar an Sceideal i gcomhréir le mír 2 de Sceideal 10 den Ordú Tobhaigh agus:
 - Cinntigh go réitíonn an méid a áirítear sa Ráiteas go cuí leis an gcomhardú trialach;
 - Faigh ón mbainistíocht agus seiceáil an cruinneas matamaiticiúil maidir le liosta mionsonraithe de dheontais rialtais agus deontais ó chomhlachtaí poiblí;



Soláthraithe seirbhíse maidir leis na meáin chlosamhairc ar éileamh

- Má chumhdaíonn deontais rialtais agus deontais ó chomhlachtaí poiblí a fhaightear níos mó ná eanáil amháin seirbhísí (e.g. cláir theilifíse, craoltóireacht fuaimne, closamharc ar éileamh agus seirbhísí ainmnithe ar líne), ní mór don bhainistíocht sonraí a sholáthar maidir leis an gcaoi ar leithdháileadh na deontais i measc na n-earnálacha sin.

- I gcomhréir leis na treoirlínte maidir le méid an tsampla atá i gceangal i Roinn 1.4, roghnaigh an sampla is gá de dheontais rialtais agus deontais comhlachtaí poiblí agus:
 - a) fíoraigh gur leithdháileadh deontais rialtais agus comhlachtaí poiblí i gcomhréir le leithdháileadh sonraithe an stiúrthóra.
 - b) Deimhnigh gach mír sa sampla le doiciméadacht foinse.
 - c) Rianaigh gach mír sa sampla le ráitis bhainc.
 - d) cinntigh go ndéanfar leithdháileadh iomlán na ndeontas rialtais agus poiblí ar fud na n-earnálacha seirbhíse uile a réiteach leis an gcomhardú trialach.

- 5. Seiceáil go bhfuil aon airgead a fhaightear ón Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt ar an Ráiteas i gcomhréir le mír 3 de Sceideal 10 den Ordú Tobhaigh agus:
 - Cinntigh go réitíonn an méid a áirítear sa Ráiteas go cuí leis an gcomhardú trialach;
 - Faigh liostú mionsonraithe ón mbainistíocht d'airgead a fuarthas ón Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus seiceáil a chruinneas matamaiticiúil;
 - I gcomhréir leis na treoirlínte maidir le méid an tsampla atá i gceangal i Roinn 1.4, roghnaigh an sampla is gá d'airgead a fuarthas ón Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus:
 - a) deimhnigh gach mír sa sampla le doiciméadacht foinse;
 - b) rianaigh gach mír sa sampla le ráitis bhainc.

- 6. Seiceáil go bhfuil aon ioncam arna ghiniúint ag soláthraí ó sholáthar seirbhíse meán chlosamhairc ar éileamh, lena n-áirítear an t-ioncam uile a bhaineann le seirbhís den sórt sin a sholáthar lena n-áirítear maoiniú poiblí (ach gan bheith teoranta dó) agus/nó ioncam ó shíntiúis, idirbhearta (lena n-áirítear íoc ar amharc, cláir a fháil ar cíos agus a cheannach) agus/nó fógraíocht ar an Ráiteas i gcomhréir le mír 4 de Sceideal 10 den Ordú Tobhaigh agus:
 - Cinntigh go réitíonn an méid a áirítear sa Ráiteas go cuí leis an gcomhardú trialach;
 - Faigh ón mbainistíocht agus seiceáil an cruinneas matamaiticiúil maidir le liosta mionsonraithe den ioncam a ghineann soláthraí ó sheirbhís meán chlosamhairc ar éileamh a sholáthar;
 - I gcomhréir leis na treoirlínte maidir le méid an tsampla atá i gceangal i Roinn 1.4, roghnaigh an sampla is gá den ioncam a ghineann soláthraí ó sheirbhís maidir leis na meáin chlosamhairc ar éileamh a sholáthar agus:
 - a) deimhnigh gach mír sa sampla le doiciméadacht foinse;
 - b) rianaigh gach mír sa sampla le ráitis bhainc.

- 7. Seiceáil go bhfuil ioncam ó chumarsáid tráchtála, lena n-áirítear formhuirir ar fócaíochtaí déanacha, pionóis chealaithe agus coimisiúin gníomhairí, glan ó aon fócaíocht luath nó lascaíní ar mhéideanna a cheadaítear ar an Ráiteas i gcomhréir le míreanna 6, 7 agus 8 de Sceideal 10 den Ordú Tobhaigh agus



Soláthraithe seirbhíse maidir leis na meáin chlosamhairc ar éileamh

- Cinntigh go réitíonn an méid a áirítear sa Ráiteas go cuí leis an gcomhardú trialach.
 - Faigh ón mbainistíocht agus seiceáil cruinneas matamaiticiúil an ioncaim ó Chumarsáid Tráchtála lena n-áirítear coimisiúin gníomhairí;
 - Faigh liostú mionsonraithe ón mbainistíocht d'fhormhuirir ar íocaíochtaí déanacha nó pionóis chealaithe ar chumarsáid tráchtála a léirítear ar an Ráiteas agus seiceáil go bhfuil a chruinneas matamaiticiúil i gcomhréir le míreanna 6 agus 7 de Sceideal 10 den Ordú Tobhaigh;
-
- Faigh liostú mionsonraithe ón mbainistíocht de lascaí ar chumarsáid tráchtála atá incheadaithe le haghaidh asbhainte agus seiceáil a chruinneas matamaiticiúil
 - I gcomhréir leis na treoirlínte maidir le méid an tsampla atá i gceangal i Roinn 1.4, roghnaigh an sampla riachtanach d'ioncam ó Chumarsáid Tráchtála lena n-áirítear coimisiúin gníomhairí agus:
 - deimhnigh gach mír sa sampla le doiciméadacht foinse;
 - rianaigh gach mír sa sampla le ráitis bhainc.
8. Seiceáil go bhfuil aon chomaoin neamhairgid ó chumarsáid tráchtála ar an Ráiteas i gcomhréir le mír 12 de Sceideal 10 den Ordú Tobhaigh agus:
- Cinntigh go réitíonn an méid a áirítear sa Ráiteas go cuí leis an gcomhardú trialach;
 - Faigh comaoin neamhairgid ó chumarsáid tráchtála ón mbainistíocht agus seiceáil a chruinneas matamaiticiúil;
 - I gcomhréir leis na treoirlínte maidir le méid an tsampla atá i gceangal i Roinn 1.4, roghnaigh an sampla is gá de chomaoin neamhairgid ó chumarsáid tráchtála agus:
 - deimhnigh gach mír sa sampla le doiciméadacht foinse;
9. Seiceáil go bhfuil aon ioncam idirghníomhach sula n-asbhaintear costais cháilitheacha a léirítear ar an Ráiteas i gcomhréir le mír 13 de Sceideal 10 den Ordú Tobhaigh agus:
- Cinntigh go réitíonn an méid a áirítear sa Ráiteas go cuí leis an gcomhardú trialach;
 - Faigh liostú mionsonraithe den ioncam idirghníomhach ón mbainistíocht agus seiceáil a chruinneas matamaiticiúil;
 - I gcomhréir leis na treoirlínte maidir le méid an tsampla atá i gceangal i Roinn 1.4, roghnaigh an sampla is gá d'ioncam idirghníomhach agus:
 - deimhnigh gach mír sa sampla le doiciméadacht foinse;
 - rianaigh gach mír sa sampla le ráitis bhainc.
10. Cinntigh go ndéantar an t-ioncam iomlán mar a thaispeántar ar an Ráiteas é a réiteach go cuí le hiomlán na méideanna ioncaim go léir a thaispeántar ar an gcomhardú trialach.
11. Seiceáil go bhfuil aon asbhaint de choimisiúin gníomhairí i leith cumarsáid tráchtála a léirítear ar an Ráiteas i gcomhréir le mír 8 de Sceideal 10 den Ordú Tobhaigh
- Cinntigh go réitíonn an méid a áirítear sa Ráiteas go cuí leis an gcomhardú trialach;
 - Faigh liostú mionsonraithe de choimisiúin gníomhairí ón mbainistíocht agus seiceáil a chruinneas matamaiticiúil,
 - Cinntigh nach sáraíonn an t-asbhainteach do choimisiún gníomhaire 15 % den ioncam ábhartha iomlán a áirítear i mír 7 thuas mar is iomchuí
 - I gcomhréir leis na treoirlínte samplacha atá i gceangal i Roinn 1.4, roghnaigh an sampla is gá de choimisiúin na ngníomhairí agus deimhnigh gach ítim sa sampla le doiciméadacht foinse.

12. Seiceáil go bhfuil aon asbhaint drochfhiach ar ioncaim cháilitheacha a léirítear ar an Ráiteas i gcomhréir le míreanna 9 agus 10 de Sceideal 10 den Ordú Tobhaigh, arb é an chiall a bhaintear astu gur féidir asbhaint ó ioncam cáilitheach a dhéanamh don ghné sin den soláthar in aghaidh drochfhiach i ndeireadh na bliana a bhaineann le fiach cumarsáide tráchtála, a mhéid a rinneadh soláthar in aghaidh an fhéich sin sa bhliain reatha agus nach ndearnadh soláthar ina aghaidh roimhe sin. Go hachomair, ní féidir asbhaint a dhéanamh ach as ioncam cáilitheach don ghné sin den fhoráil maidir le drochfhiach ag deireadh na bliana a bhaineann le fiachas cumarsáide tráchtála dá bhforáiltear sa bhliain reatha. Ní féidir asbhaint a dhéanamh don eilimint den fhoráil nach mbaineann le fiachas cumarsáide tráchtála ná le fiach cumarsáide tráchtála a soláthraíodh roimhe sin. Déan tástáil ar an méid a asbhaineadh mar a leanas:
- Cinntigh go réitíonn an méid a áirítear sa Ráiteas go cuí leis an gcomhardú trialach;
 - Cinntigh go bhfuil aon drochfhiacha atá san áireamh sa Ráiteas:
 - a) curtha san áireamh in ioncam cumarsáide tráchtála i gcéim 6 thuas nó i ráitis roimhe sin ar ioncam cáilitheach; agus
 - b) faigh liostú mionsonraithe de dhrochfhiacha ón mbainistíocht agus seiceáil a chruinneas matamaiticiúil;
 - I gcomhréir leis na treoirlínte maidir le méid an tsampla atá i gceangal i Roinn 1.4, roghnaigh an sampla is gá de dhrochfhiacha agus deimhnigh go bhfuil gach mír sa sampla ag teacht leis an doiciméadacht foinse.
13. Athríomh an méid maidir le hioncam cáilitheach a thaispeántar ar an Ráiteas chun a chinntiú go bhfuil sé ceart ó thaobh na matamaitice de.

Soláthraithe seirbhíse maidir leis na meáin chlosamhairc ar éileamh

1.4 Treoraíocht maidir le méid an tsampla

Tábla A

Roghnaigh an méid samplach bunaithe ar an rátáil riosca (Íseal/Measartha/Ard) don soláthraí mar a chuir an Coimisiún in iúl don soláthraí.

Mar eolas, leagtar amach i Roinn 3 den doiciméad seo na critéir a úsáidtear chun teacht ar an rátáil riosca do Sholáthraí. Ní iarrtar ort ná ní éilítear ort aon obair a dhéanamh maidir le Roinn 3.

Rátáil Riosca	Íseal	Measartha	Ard
Líon na míreanna sa daonra	Méid an tSampla	Méid an tSampla	Méid an tSampla
>200	16	30	55
>100-200	10	16	25
>50-100	5	8	15
<50	3	4	5

Ba chóir do shampla a roghnú as an daonra ag baint úsáide as roghnú neamhrialta.

Má tá an daonra níos lú ná íosmhéid an tsampla a thaispeántar sa tábla, ba cheart a áirithiú le méid an tsampla a roghnaítear go gcumhdaítear 90 % ar a laghad de luach an daonra.

1.5 Foscríbhinn B - foirm shamplach de thuarascáil ón gcuntasóir neamhspleách chuig an soláthraí

Na Stiúrthóirí
[Ainm an tSoláthraí]
[seoladh]

[Dáta na Tuarascála]

A Dhaoine Uaisle,

I gcomhréir leis na téarmaí tagartha dar dáta <dd Mí bbbb> a d'aontaigh tú linn, soláthraímid ár dTuarascáil ar Thorthaí Fíorúla ('an Tuarascáil'), i ndáil leis an Ráiteas maidir le hloncam Cáilitheach a ghabhann leis don tréimhse lena gcumhdaítear <dd Mí bbb -dd Mí bbbb> (larscríbhinn 1 a ghabhann leis an Tuarascáil seo) (an 'Ráiteas'). D'iarr tú nósanna imeachta áirithe a chur i gcrích maidir le do Ráiteas ionas go mbeidh tú in ann é a chur faoi bhráid Choimisiún na Meán ('an tÚdarás Conarthach') de réir na hiarrata a fuarthas ón Údarás Conarthach ('an Oibleagáid').

Cuspóir

Ba é ár rannpháirtíocht nósanna imeachta comhaontaithe áirithe a chur i gcrích maidir leis an Ráiteas maidir leis an Oibleagáid idir tú féin agus an tÚdarás Conarthach. Is é cuspóir na rannpháirtíochta seo ná nósanna imeachta áirithe a chomhaontaíomar a chur i gcrích agus tuarascáil ar thorthaí fíorasacha a chur faoi bhráid duit maidir leis na nósanna imeachta a rinneadh.

Caighdeáin and Eitic

Tugadh faoinár rannpháirtíocht de réir na nithe seo a leanas:

- Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Seirbhísí Gaolmhara ('ISRS') 4400 (Athbhreithnithe) '*Rannpháirtíochtaí chun nósanna imeachta comhaontaithe a dhéanamh maidir le faisnéis airgeadais*' arna fhógairt ag Cónaidhm Idirnáisiúnta na gCuntasóirí ('IFAC')
- An Bord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Eitice do Chuntasóirí (IESBA): Cé go bhforáiltear le ISRS 4400 nach ceanglas é an neamhspleáchas le haghaidh rannpháirtíochtaí maidir le nósanna imeachta arna gcomhaontú (AUP), éilfionn an tÚdarás Conarthach go gcomhlíonfaidh an t-iniúchóir na ceanglais neamhspleáchais freisin a leagtar amach i gCód Eitice IESBA do Chuntasóirí Gairmiúla

Nósanna imeachta a rinneadh

Mar a iarradh, ní dhearnamar ach na nósanna imeachta atá liostaithe in Foscríbhinn B de théarmaí tagartha na fostaíochta seo (féach larscríbhinn 2 den Tuarascáil seo) i leith méideanna de bhreis ar an méid is airde de €5,000 nó 1.5% d'loncam Cáilitheach na bliana roimhe sin atá léirithe ar an Ráiteas a ghabhann leis seo.

Is é an tÚdarás Conarthach amháin a chinn na nósanna imeachta sin agus rinneadh na nósanna imeachta chun cabhrú leis an Údarás Conarthach a mheas an bhfuil an t-ioncam a dhearbhaigh tú sa ráiteas a ghabhann leis seo incháilithe i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha na hOibleagáide, agus chun na críche sin amháin.

Toisc nach iniúchadh ná athbhreithniú a rinneadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (Éire) ná na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Rannpháirtíochtaí Athbhreithnithe a bhí sna nósanna imeachta a chuireamar i gcrích, ní chuirimid aon dearbhú in iúl maidir leis an Ráiteas a ghabhann leis.

Dá ndéanfaimis nósanna imeachta breise nó dá ndéanfaimis iniúchadh nó athbhreithniú ar ráitis airgeadais an tairbhí de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (Éire), d'fhéadfadh sé gur tháinig nithe eile ar ár n-aire a bheadh tuairiscithe duit.

Foinsí Faisnéise

Leagtar amach sa Deimhniú faisnéis a sholáthraíonn tú dúinn mar fhreagra ar cheisteanna sonracha nó mar a fhaightear agus mar a bhaintear ó do chuntais agus do thaifid.

Torthaí Fíorasacha

Is ionann an tIoncam Cáilitheach iomlán is ábhar don fhostaíocht seo agus €<xxxxxx>.

[Sonraí ar ár dtorthaí fíorasacha a eascraíonn as na nósanna imeachta a rinneamar atá le leagan amach anseo, mar shampla:

1. Faigh tuiscint ar théarmaí agus coinníollacha an Achta Craolacháin 2009 (arna leasú) ('an tAcht') agus I.R. Uimh. 602 de 2025, an tOrdú Tobhaigh um an Acht Craolacháin 2009 (Alt 21), 2025 ('an tOrdú Tobhaigh') trí athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht agus faisnéis ábhartha eile.
2. Faigh ríomh mionsonraithe an ioncaim cháilithigh ón mbainistíocht san fhormaid a shonraítear ar an Sceideal i bhFoscríbhinn A.
3. Comhaontaigh An t-ioncam iomlán eisiach ó CBL don tréimhse a thaispeántar ar an Sceideal a ghabhann le leabhair agus taifid na cuideachta agus:
 - Cinntigh go réitíonn an méid a áirítear sa Ráiteas go cuí leis an gcomhardú trialach;
 - Cinntigh go bhfuil an t-ioncam uile eisiach ó CBL.
4. Seiceáil go bhfuil aon deontais rialtais agus comhlachtaí poiblí ar an Sceideal i gcomhréir le mír 2 de Sceideal 10 den Ordú Tobhaigh agus:
 - Cinntigh go réitíonn an méid a áirítear sa Ráiteas go cuí leis an gcomhardú trialach;
 - Faigh ón mbainistíocht agus seiceáil an cruinneas matamaiticiúil maidir le liosta mionsonraithe de dheontais rialtais agus deontais ó chomhlachtaí poiblí;
 - Má chumhdaíonn deontais rialtais agus deontais ó chomhlachtaí poiblí a fhaightear níos mó ná earnáil amháin seirbhísí (e.g. cláir theilifíse, craoltóireacht fuaimne, closamharc ar éileamh agus seirbhísí ainmnithe ar líne), ní mór don bhainistíocht sonraí a sholáthar maidir leis an gcaoi ar leithdháileadh na deontais i measc na n-earnálacha sin.
 - I gcomhréir leis na treoirínte maidir le méid an tsampla atá i gceangal i dTábla A, roghnaigh an sampla is gá de dheontais rialtais agus deontais ó chomhlachtaí poiblí agus:
 - a) fóraigh gur leithdháileadh deontais rialtais agus comhlachtaí poiblí i gcomhréir le leithdháileadh sonraí an stiúrthóra.
 - b) Deimhnigh gach mír sa sampla le doiciméadacht foinsé.
 - c) Rianaigh gach mír sa sampla le ráitis bhainc.
 - d) cinntigh go ndéanfar leithdháileadh iomlán na ndeontas rialtais agus poiblí ar fud na n-earnálacha seirbhíse uile a réiteach leis an gcomhardú trialach.

5. Seiceáil go bhfuil aon airgead a fhaightear ón Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt ar an Ráiteas i gcomhréir le mír 3 de Sceideal 10 den Ordú Tobhaigh agus:
 - Cinntigh go réitíonn an méid a áirítear sa Ráiteas go cuí leis an gcomhardú trialach;
 - Faigh liostú mionsonraithe ón mbainistíocht d'airgead a fuarthas ón Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus seiceáil a chruinneas matamaiticiúil;
 - I gcomhréir leis na treoirlínte maidir le méid an tsampla atá i gceangal i Roinn 1.4, roghnaigh an sampla is gá d'airgead a fuarthas ón Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus:
 - a) deimhnigh gach mír sa sampla le doiciméadacht foinse;
 - b) rianaigh gach mír sa sampla le ráitis bhainc.

6. Seiceáil go bhfuil aon ioncam arna ghiniúint ag soláthraí ó sholáthar seirbhíse meán chlosamhairc ar éileamh, lena n-áirítear an t-ioncam uile a bhaineann le seirbhís den sórt sin a sholáthar lena n-áirítear maoiniú poiblí (ach gan bheith teoranta dó) agus/nó ioncam ó shíntiúis, idirbhearta (lena n-áirítear foc ar amharc, cláir a fháil ar cíós agus a cheannach) agus/nó fógraíocht ar an Ráiteas i gcomhréir le mír 4 de Sceideal 10 den Ordú Tobhaigh agus:
 - Cinntigh go réitíonn an méid a áirítear sa Ráiteas go cuí leis an gcomhardú trialach;
 - Faigh ón mbainistíocht agus seiceáil an cruinneas matamaiticiúil maidir le liosta mionsonraithe den ioncam a ghineann soláthraí ó sheirbhís meáin chlosamhairc ar éileamh a sholáthar;
 - I gcomhréir leis na treoirlínte maidir le méid an tsampla atá i gceangal i Roinn 1.4, roghnaigh an sampla is gá den ioncam a ghineann soláthraí ó sheirbhís maidir leis na meáin chlosamhairc ar éileamh a sholáthar agus:
 - a) deimhnigh gach mír sa sampla le doiciméadacht foinse;
 - b) rianaigh gach mír sa sampla le ráitis bhainc.

7. Seiceáil go bhfuil ioncam ó chumarsáid tráchtála, lena n-áirítear formhuirir ar fócaíochtaí déanacha, pionóis chealaithe agus coimisiúin gníomhairí, glan ó aon fócaíocht luath nó lascainí ar mhéideanna a cheadaítear ar an Ráiteas i gcomhréir le míreanna 6, 7 agus 8 de Sceideal 10 den Ordú Tobhaigh agus:
 - Cinntigh go réitíonn an méid a áirítear sa Ráiteas go cuí leis an gcomhardú trialach.
 - Faigh ón mbainistíocht agus seiceáil cruinneas matamaiticiúil an ioncain ó Chumarsáid Tráchtála lena n-áirítear coimisiúin gníomhairí;
 - Faigh ón mbainistíocht agus seiceáil an cruinneas matamaiticiúil maidir le liosta mionsonraithe lascainí ar chumarsáid tráchtála is incheadaithe le haghaidh asbhainte;
 - Faigh ón mbainistíocht agus seiceáil an cruinneas matamaiticiúil maidir le liosta mionsonraithe d'fhormhuirir ar fócaíochtaí déanacha ar chumarsáid tráchtála is incheadaithe le haghaidh asbhainte;
 - I gcomhréir leis na treoirlínte maidir le méid an tsampla atá i gceangal i Roinn 1.4, roghnaigh an sampla riachtanach d'ioncam ó Chumarsáid Tráchtála lena n-áirítear coimisiúin gníomhairí agus:
 - deimhnigh gach mír sa sampla le doiciméadacht foinse;
 - rianaigh gach mír sa sampla le ráitis bhainc.

8. Seiceáil go bhfuil aon chomaoin neamhairgid ó chumarsáid tráchtála a léirítear ar an Ráiteas i gcomhréir le mír 12 de Sceideal 10 den Ordú Tobhaigh agus:
 - Cinntigh go réitíonn an méid a áirítear sa Ráiteas go cuí leis an gcomhardú trialach;
 - Faigh comaoin neamhairgid ó chumarsáid tráchtála ón mbainistíocht agus seiceáil a chruinneas matamaiticiúil;
 - I gcomhréir leis na treoirlínte maidir le méid an tsampla atá i gceangal i Roinn 1.4, roghnaigh an sampla is gá de chomaoin neamhairgid ó chumarsáid tráchtála agus:
 - deimhnigh gach mír sa sampla le doiciméadacht foinse;

9. Seiceáil go bhfuil aon ioncam idirghníomhach sula n-asbhaintear costais cháilitheacha a léirítear ar an Ráiteas i gcomhréir le mír 13 de Sceideal 10 den Ordú Tobhaigh agus:
 - Cinntigh go réitíonn an méid a áirítear sa Ráiteas go cuí leis an gcomhardú trialach;
 - Faigh liostú mionsonraithe den ioncam idirghníomhach ón mbainistíocht agus seiceáil a chruinneas matamaiticiúil;
 - I gcomhréir leis na treoirlínte maidir le méid an tsampla atá i gceangal i Roinn 1.4, roghnaigh an sampla is gá d'ioncam idirghníomhach agus:
 - o deimhnigh gach mír sa sampla le doiciméadacht foinse;
 - o rianaigh gach mír sa sampla le ráitis bhainc.

10. Cinntigh go ndéantar an t-ioncam iomlán mar a thaispeántar ar an Ráiteas é a réiteach go cuí le hiomlán na méideanna ioncaim go léir a thaispeántar ar an gcomhardú trialach.

11. Seiceáil go bhfuil aon asbhaint de choimisiúin gníomhairí i leith cumarsáid tráchtála a léirítear ar an Ráiteas i gcomhréir le mír 8 de Sceideal 10 den Ordú Tobhaigh:
 - Cinntigh go réitíonn an méid a áirítear sa Ráiteas go cuí leis an gcomhardú trialach;
 - Faigh ón mbainistíocht agus seiceáil an cruinneas matamaiticiúil maidir le liosta mionsonraithe de choimisiúin na ngníomhairí;
 - Cinntigh nach sáraíonn an t-asbhainteach do choimisiún gníomhaire 15 % den ioncam ábhartha iomlán a áirítear i mír 7 thuas mar is iomchuí.
 - I gcomhréir leis na treoirlínte samplacha atá i gceangal i Roinn 1.4, roghnaigh an sampla is gá de choimisiúin na ngníomhairí agus deimhnigh gach ítim sa sampla le doiciméadacht foinse.

12. Seiceáil go bhfuil aon asbhaint de dhrochfhiacha ar ioncaim cháilitheacha a léirítear ar an Ráiteas i gcomhréir le míreanna 9 agus 10 de Sceideal 10 den Ordú Tobhaigh, arb é an chiall a bhaintear astu gur féidir asbhaint as ioncam cáilitheach a dhéanamh don ghné sin den soláthar in aghaidh drochfhiach i ndeireadh na bliana a bhaineann le fiach cumarsáide tráchtála, a mhéid a rinneadh soláthar in aghaidh an fhéich sin sa bhliain reatha agus nach ndearnadh soláthar ina aghaidh roimhe sin. Go hachomair, ní féidir asbhaint a dhéanamh ach as ioncam cáilitheach don ghné sin den fhoráil maidir le drochfhiach ag deireadh na bliana a bhaineann le fiachas cumarsáide tráchtála dá bhforáiltear sa bhliain reatha. Ní féidir asbhaint a dhéanamh don eilimint den fhoráil nach mbaineann le fiachas cumarsáide tráchtála ná le fiach cumarsáide tráchtála a soláthraíodh roimhe sin. Déan tástáil ar an méid a asbhaineadh mar a leanas:
 - Cinntigh go réitíonn an méid a áirítear sa Ráiteas go cuí leis an gcomhardú trialach;
 - Cinntigh go bhfuil aon drochfhiacha atá san áireamh sa Ráiteas:
 - a) curtha san áireamh in ioncam cumarsáide tráchtála i gcéim 7 thuas nó i ráitis roimhe sin ar ioncam cáilitheach; agus
 - b) faigh liostú mionsonraithe de dhrochfhiacha ón mbainistíocht agus seiceáil a chruinneas matamaiticiúil;
 - I gcomhréir leis na treoirlínte maidir le méid an tsampla atá i gceangal i Roinn 1.4, roghnaigh an sampla is gá de dhrochfhiacha agus deimhnigh go bhfuil gach mír sa sampla ag teacht leis an doiciméadacht foinse.

13. Déan an méid ioncaim cháilitheach a thaispeántar ar an Ráiteas a athríomh chun a chinntiú go bhfuil sé ceart ó thaobh na matamaitice de

Úsáid na Tuarascála seo

Is chun na críche a leagtar amach sa chuspóir thuas, agus chun na críche sin amháin, atá an Tuarascáil seo.

Ullmhaítear an Tuarascáil seo le haghaidh do úsáide rúnda féin agus lena haghaidh sin amháin agus lena cur faoi bhráid an Údaráis Chonarthaigh, agus chuige sin amháin, i dtaca leis na ceanglais a leagtar amach san iarraidh a fuair tú ón Údarás Conarthach. Ní fhéadfaidh tú brath ar an Tuarascáil seo chun aon chríche eile, ná ní fhéadfar í a dháileadh ar aon pháirtithe eile.

Níl an tÚdarás Conarthach ina pháirtí sa chomhaontú (na téarmaí tagartha) idir tú féin agus sinne agus, dá bhrí sin, ní chuirimid dualgas cúraim ar an Údarás Conarthach ná ní ghlacaimid dualgas cúraim air féin, ar údarás é a fhéadfaidh brath ar an Tuarascáil seo ar a phriacal féin agus ar a rogha féin. Is féidir leis an Údarás Conarthach measúnú a dhéanamh dó féin ar na nósanna imeachta agus ar na torthaí a thuairiscigh muid agus teacht ar a chonclúidí féin ó na torthaí fórasacha a thuairiscigh muid.

Ní bhaineann an Tuarascáil seo ach leis an Ráiteas a shonraítear thuas agus ní bhaineann sí le haon cheann de do ráitis airgeadais.

Táimid ag tnúth lenár dTuarascáil a phlé leat agus bheimis sásta aon fhaisnéis nó cúnamh breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil a chur ar fáil duit.

Mise le meas,

[Ainm an Chuntasóra Neamhspleách]

Cuid 2: Deimhniú lena dtacaítear le ráiteas maidir le hioncam cáilitheach

Roinn 2.1 Litir shamplach rannpháirtíochta le hiniúcháirí

Tá litir shamplach rannpháirtíochta leagtha amach thíos le haghaidh éascaíochta. Mar sin féin, is faoin Soláthraí Seirbhíse agus a Iníúcháir nó a hIníúcháir atá sé téarmaí sonracha an chonartha le haghaidh na rannpháirtíochta sin a chomhaontú eatarthu féin, agus níl sé i gceist leis an litir shamplach seo téarmaí agus coinníollacha a fhorordú idir an Soláthraí Seirbhíse agus a Iníúcháir nó a hIníúcháir ná cosc a chur ar an Soláthraí Seirbhíse agus a Iníúcháir nó a hIníúcháir téarmaí agus coinníollacha éagsúla a chomhaontú más mian leo.

Sa litir rannpháirtíochta seo:

- Tagraíonn "Ainm an tSoláthraí Seirbhíse nó an Chuideachta" don eagraíocht a gceanglaítear uirthi Ráiteas maidir le hIoncam Cáilitheach a chomhlánú;
- Tagraíonn "Ainm an Iníúcháir" d'iniúcháir an tSoláthraí a rinne iniúchadh ar na ráitis airgeadais dá dtagraítear in alt 468 (6) d'Acht na gCuideachtaí 2014 arna leasú.

TABHAIR FAOI DEARA:

D'fhéadfadh sé gur mhian leis an Duine Cáilithe/Iniúcháir míreanna breise a chur san áireamh a bhaineann le (a) freagrachtaí reachtacha eile (e.g. tuairisciú d'Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (más infheidhme), an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001 agus an tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010) agus (b) a dTéarmaí Gnó caighdeánacha lena gcuimhdaítear nithe amhail díospóidí, teorainneacha dlíeanais agus cumarsáid leictreonach a réiteach.

PRÍOBHÁIDEACH & RÚNDA

Na Stiúrthóirí
[Ainm an Chraoltóra]
[seoladh]

[dáta]

A Dhaoine Uaisle,

Réamhrá

Ceanglaítear ar [Ainm an Chraoltóra] ('an Chuideachta') Ráiteas na Stiúrthóirí maidir le hIoncam Cáilitheach a chur faoi bhráid Choimisiún na Meán ('an Coimisiún') mar aon le Deimhniú i ndáil le Ráiteas na Stiúrthóirí maidir le hIoncam Cáilitheach don tréimhse lena gcuimhdaítear <dd Mí bbbb- dd Mí bbbb> i gcomhréir leis an Acht Craolacháin 2009 agus I.R. Uimh. 602 de 2025, an tOrdú Tobhaigh um an Acht Craolacháin 2009 (Alt 21), 2025 ('an tOrdú Tobhaigh') ('an Oibleagáid Dhlíthiúil').

Leagtar amach sa litir seo (lena n-áirítear na Foscríbhinní [agus na Téarmaí Gnó]⁴) (i) ár dtuiscint ar do threoracha do [Ainm an Iniúcháora] deimhniú a sholáthar mar atá leagtha amach thíos (na 'Seirbhísí') do na stiúrthóirí i leith Ráiteas na Stiúrthóirí maidir le hloncam Cáilitheach don tréimhse (an 'Sceideal'), (ii) na réimsí freagrachta faoi seach díbh féin agus [Ainm an Iniúcháora] agus (iii) na téarmaí ar a bhfuilimid chun na Seirbhísí sin a sholáthar.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus na Iniúcháirí faoi seach

Tá stiúrthóirí na Cuideachta freagrach as na nithe seo a leanas:

- i. a chinntiú go gcoimeádann an Chuideachta taifid chuntasaíochta a nochtann le cruinneas réasúnach, tráth ar bith, staid airgeadais na Cuideachta agus, go háirithe, na sonraí láimhdeachais is gá chun Ráiteas na Stiúrthóirí maidir le hloncam Cáilitheach dá dtagraítear thuas a chinneadh;
- ii. taifid chuntasaíochta uile na Cuideachta a chur ar fáil dúinn, de réir mar is gá agus nuair is gá, mar aon le gach taifead ábhartha eile, lena n-áirítear miontuairiscí chruinnithe uile na Stiúrthóirí, na bainistíochta agus na scairshealbhóirí, agus cibé faisnéis agus mínithe a mheasaimid is gá chun na Seirbhísí a chomhlíonadh;
- iii. idirbhearta a thaifeadadh i gceart sna taifid chuntasaíochta agus rialú inmheánach a bhunú agus a choinneáil ar bun ar leor é chun gur féidir faisnéis airgeadais a ullmhú;
- iv. a aithint agus a chinntiú go gcomhlíonann an Chuideachta na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme maidir lena gníomhaíochtaí agus aon chonarthaí nó comhaontuithe eile a rinne sí agus ar féidir go n-iarrfar orainn tuairisc a thabhairt orthu;
- v. gach faisnéis a chur ar fáil dúinn, ar bhonn tráthúil, a bhaineann leis an gCuideachta nó leis an idirbheart / na hidirbhearta agus le pearsanra na Cuideachta ar féidir linn fiosrúcháin a threorú chucu, de réir mar is infheidhme agus de réir mar is gá i gcomhlíonadh na Seirbhísí;
- vi. an fhaisnéis go léir atá ábhartha a sholáthar dúinn, agus déanfaidh sé, de réir mar is gá, an fhaisnéis sin a nuashonrú agus a cheartú. Braithfimid ortsa amháin as fírinne, cruinneas agus iomláine na faisnéise a chuirtear in iúl dúinn agus ní dhéanfaimid aon iniúchadh ná nósanna imeachta eile chun an fhaisnéis a sholáthraíonn tú a sheiceáil, a fhíorú nó a thástáil ar bhealach eile ach amháin a mhéid a luaitear go sainráite sa litir seo.

Chun críocha ár dteastais, cuirfidh na stiúrthóirí Sceideal ar fáil dúinn i bhformáid an dréachta mar atá leagtha amach i bhFoscríbhinn A. Deimhneoidimid an aontaíonn na méideanna i Ráiteas na Stiúrthóirí maidir le hloncam Cáilitheach le taifid chuntasaíochta na Cuideachta.

Tá tú freagrach as a chinneadh an bhfuil scóip ár gcuid oibre atá sonraithe thuas leordhóthanach le haghaidh do chuspóirí. Is iad stiúrthóirí na Cuideachta amháin a d'ullmhaigh an Sceideal agus is iad na stiúrthóirí sin amháin atá freagrach as. Ar chríochnú na nósanna imeachta thuas, agus ar choinníoll go dtacaíonn ár dtorthaí leis seo, cuirfimid deimhniú ar fáil duit i bhfoirm an deimhnithe dréachta atá i gceangal mar Fhoscríbhinn C (an "Deimhniú"). Tá ár nDeimhniú dírithe ar na stiúrthóirí amháin lena n-úsáid chun a bhfreagrachtaí a

⁴Scríos mura mbíonn Téarmaí Gnó san áireamh de ghnáth le haghaidh Iniúcháirí



Soláthraithe seirbhíse maidir leis na meáin chlosamhairc ar éileamh

chomhlíonadh maidir leis an Ráiteas maidir le hIoncam Cáilitheach a chinneadh don tréimhse ábhartha. A mhéid is mó a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid freagracht ná nílimid freagrach as aon duine seachas an Chuideachta agus stiúrthóirí na Cuideachta agus an Coimisiún mar chomhlacht, as ár gcuid oibre, as an tuarascáil seo, nó as na hábhair atá leagtha amach inti. Ní úsáidfeadh ár ndeimhniú chun aon chríche eile ná ní dhéanfar é a chóipeáil, a dháileadh nó a chur ar fáil nó a tharchur ar shlí eile gan ár dtoiliú i scríbhinn roimh ré.

Raon feidhme ár gcuid oibre

Tá raon feidhme ár gcuid oibre agus na nósanna imeachta a dhéanfaimid agus ár ndeimhniú á ullmhú againn mar atá leagtha amach thuas, mura gcomhlíonann an raon feidhme agus na nósanna imeachta do chuid riachtanas, inis dúinn le do thoil ionas gur féidir linn raon feidhme difriúil nó nósanna imeachta breise nó malartacha a phlé. Ba chóir duit a thuiscint nach bhfuil aon ráthaíocht ann go n-aithneofar na hábhair go léir a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar spéise duit mar thoradh ar na nósanna imeachta sin.

Beidh ár gcuid oibre bunaithe go príomha ar fhaisnéis bainistíochta inmheánach agus déanfar é ar an toimhde go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraíonn an Chuideachta dúinn iontaofa agus, ar gach slí ábhartha, cruinn agus iomlán. Ní chuirfimid an fhaisnéis a sholáthraíonn tú nó atá inár ndeimhniú faoi réir nósanna imeachta seiceála nó fíoraithe ach amháin a mhéid a luaitear go sainráite.

Ní iniúchadh ná athbhreithniú iad na Seirbhísí a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (Éire) ná na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Rannpháirtíochtaí Athbhreithnithe. D'aontaíomar nach rabhamar ag gabháil d'iniúchadh ná d'athbhreithniú, ná nach ndéanfaimid iniúchadh ná athbhreithniú, arb é an cuspóir a bheadh leis tuairim a chur in iúl maidir leis an Sceideal. Dá réir sin, ní chuirfimid tuairim den sórt sin in iúl. Dá ndéanfaimis nósanna imeachta breise nó dá ndéanfaimis iniúchadh nó athbhreithniú ar an Sceideal, d'fhéadfadh ábhair eile teacht ar ár n-aird a thuarisceofaí duit. Ní bhainfidh ár ndeimhniú ach leis an Sceideal amháin agus ní bhainfidh sé le haon ráitis airgeadais de chuid na Cuideachta ina hiomláine.

Rinneadh agus déantar obair iniúchóireachta [Ainm an Iniúcháora] ar ráitis airgeadais na Cuideachta de réir oibleagáidí reachtúla agus bhí agus tá na tuarascálacha iniúchóireachta beartaithe chun tairbhe na Cuideachta agus scairshealbhóirí na Cuideachta faoi seach mar chomhlacht, a bhfuil siad dírithe air. Ní dheanadh agus ní dhéanfar an t-iniúchadh ar ráitis airgeadais na Cuideachta a phleanáil ná a sheoladh in oirchill riachtanais aon duine seachas na comhaltaí mar chomhlacht, agus dá bhrí sin níl sé i gceist leis an obair iniúchóireachta aghaidh a thabhairt ar ábhair a bhféadfadh suim a bheith ag aon duine seachas na comhaltaí mar chomhlacht iontu ná iad a léiriú.

Ní ghlacfaidh [Ainm an Iniúcháora], de bhua an tuarascáil seo a ullmhú nó ar shlí eile i ndáil leis an rannpháirtíocht seo, aon fhreagracht air féin cibé acu i gconradh, i dtort (lena n-áirítear faillí gan teorainn) nó ar shlí eile i ndáil leis na hiniúchtaí ar ráitis airgeadais na Cuideachta; Ní bheidh [Ainm an Iniúcháora] [agus a chomhpháirtithe, a fhostaithe, a ghníomhairí agus a chonraitheoirí faoi seach] faoi dhlíteanas ar bith cibé acu i gconradh, i dtort (lena n-áirítear faillí gan teorainn) nó ar shlí eile d'aon tríú páirtithe i ndáil leis na hiniúchtaí ar ráitis airgeadais na Cuideachta.

Tráthchlár

Tá súil againn go mbeimid in ann tús a chur leis na Seirbhísí an [dáta] agus tá súil againn go mbeidh ár ndeimhniú críochnaithe faoin [dáta]. Braithfidh ár gcuid oibre ar chomhoibriú iomlán a fháil gan moill mhíchúí ó oifigigh ábhartha uile na Cuideachta agus ar a nochtadh dúinn ar thaifid chuntasaíochta uile na Cuideachta agus ar gach taifead eile agus ar fhaisnéis ghaolmhar (lena n-áirítear uiríll áirithe) a d'fhéadfadh a bheith de dhíth orainn chun críche ár gcuid oibre.

Soláthraithe seirbhíse maidir leis na meáin chlosamhairc ar éileamh

Táillí

Déanfar táillí an Iníúcháir, mar aon le CBL agus costais as póca, a chomhaontú agus a bhilleáil chuig an gCuideachta.

Sa chás (i) go n-aithnímid aon ábhar a d'fhéadfadh a bheith de cheangal orainn de réir dlí tuairisciú do na húdaráis nó (ii) go n-éilítear orainn le rialachán, reacht, ordú cúirte nó próiseas dlíthiúil eile freagra a thabhairt ar fhiosrúcháin na n-údarás ar ár dtuarascáil nó (iii) go n-aontaímid dár lánrogha féin tar éis duit iarratas a dhéanamh, ár bpáipéir oibre nó ár bpearsanra a thabhairt ar aird mar fhinnéithe maidir lenár rannpháirtíocht duit, aisíocfaidh tú muid as ár gcuid ama agus caiteachas gairmiúil, chomh maith le táillí agus costais ár gcomhairleoirí dlí agus ár gcomhairleoirí eile a thabhaítear go réasúnach chun ár n-oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh. Ní bheidh feidhm ag an mír seo i gcás imeachtaí dlíthiúla a thionscnóidh tú inár gcoinne maidir leis an rannpháirtíocht seo, nó maidir le cigireacht nó imscrúdú rialála ar [Ainm an Iníúcháir].

Téarmaí Gnó

Leagtar amach sna Téarmaí Gnó a ghabhann leis seo dualgais gach páirtí maidir leis na Seirbhísí.

Téarmaí gnó, i measc rudaí eile:

- a) ár ndlíteanas a theorannú d'uasmhéid [€XXX] agus, faoi réir na teorann airgeadais foriomláine sin, don chuid d'aon chaillteanas a fhulaingítear atá comhréireach lenár bhfreagracht. Tá feidhm ag an teorainn sin maidir leis na Seirbhísí a leagtar amach sa litir seo;
- b) agus cuireann sé teorainn leis an tréimhse inar féidir éileamh a dhéanamh.

Cuimsíonn an litir seo, lena n-áirítear a Foscscríbhinní agus na Téarmaí Gnó a ghabhann leo le chéile, an Conradh iomlán (an "Conradh") chun na Seirbhísí a sholáthar d'eisiamh aon téarmaí sainráite nó intuigthe eile, cibé acu ó bhéal nó i scríbhinn, lena n-áirítear aon choinníollacha, barántaí agus uiríll agus glacfaidh sí ionad gach conartha, litir rannpháirtíochta, gealltanais, comhaontú agus comhfhreagras roimhe seo maidir leis na Seirbhísí.⁵

Cáilíocht na seirbhíse

Fiosróidh an t-iníúcháir gach gearán a chuirfear in iúl dó. Tá sé de cheart ag an gCuideachta aon ghearán a dhéanamh le [Cuntasóirí Cairte Éireann [nó cuir isteach ainm comhlachtaí eile] ballchomhlacht]. Féadfaidh an chuideachta míniú a fháil ar na meicníochtaí a oibríonn maidir le gearán le Cuntasóirí Cairte Éireann óna suíomh gréasáin, www.cai.ie. le haghaidh sonraí cuí a chur isteach do chomhlachtaí eile].

An Dlí is Infheidhme

Beidh an comhaontú seo á rialú i gcomhréir le dlí na hÉireann agus déanfar é a léirmhíniú agus a fhorléiriú dá réir sin.

Comhaontaíonn an chuideachta agus [Ainm an Iníúcháir] go neamh-inchúlghairthe go mbeidh dlínse eisiach ag Cúirteanna na hÉireann aon díospóid a réiteach (lena n-áirítear éilimh ar

⁵Scríos mura mbíonn Téarmaí Gnó san áireamh de ghnáth le haghaidh Iníúcháirí

Soláthraithe seirbhíse maidir leis na meáin chlosamhairc ar éileamh fhritháireamh agus ar fhrithéilimh) a d'fhéadfadh teacht chun cinn i dtaca le bailíocht, éifeacht, léiriú nó comhlíonadh an chomhaontaithe sin nó i dtaca leis an gcaidreamh dlíthiúil a bhunaítear leis an gcomhaontú sin nó a eascraíonn ar shlí eile i dtaca leis an gcomhaontú sin.

Admháil agus glacadh

Admhaigh le do thoil go nglacann tú le téarmaí ár rannpháirtíochta faoin gConradh tríd an deimhniú thíos a shíniú agus cóip den litir seo, lena n-áirítear na hAguisíní, a sheoladh ar ais chugainn ag an seoladh thuas atá marcáilte le haghaidh aird [Duine Ábhartha], agus air sin glacfaidh an Conradh éifeacht ón dáta a thosóidh muid ar na Seirbhísí.

Má tá aon cheist agat maidir leis an gconradh seo, ná bíodh aon leisce ort teagmháil a dhéanamh linn.

Mise le meas,
[Ainm an Iniúcháora]

Dearbhú an Chonartha

Tar éis dom an Conradh ina bhfuil an litir rannpháirtíochta a léamh, lena n-áirítear na Foscríbhinní a ghabhann leis le [Ainm an Iniúcháora] dar dáta [dáta], admhaím gur glacadh le [Ainm an Iniúcháora] agus aontaím dul i dteagmháil leis maidir le forálacha an chéanna agus deimhním go bhfuil mé údaraithe síniú thar ceann [Ainm an Chraoltóra].

Sínithe:

Ainm agus Post:

Thar ceann (Ainm an Chraoltóra)

Dáta:

FOSCRÍBHINN 1– Ráiteas na Stiúrtóirí maidir le hIoncam Cáilitheach

De réir Fhoscríbhinn A i Roinn 1 den Doiciméad seo.

Roinn 2.2 maidir le Foscríbhinn C den Deimhniú Dréachta mar thaca leis an ráiteas ar ioncam cáilitheach

Na Stiúrthóirí
[Ainm an tSoláthraí]
[seoladh]

[Dáta an Deimhniú]

A Dhaoine Uaisle,

Sealbhaímid oifig mar iniúcháirí ar [Ainm an Chraoltóra] ('an Chuideachta'). Iarradh orainn Deimhniú a sholáthar i ndáil le Ráiteas na Stiúrthóirí maidir le hIoncam Cáilitheach don tréimhse lena gcumhdaítear <dd Mí bbbb- dd Mí bbbb> atá le cur faoi bhráid Choimisiún na Meán ('an Coimisiún') i gcomhréir leis an Acht Craolacháin 2009 agus I.R. Uimh. 602 de 2025, an tOrdú Tobhaigh um an Acht Craolacháin 2009 (Alt 21), 2025 ('an tOrdú Tobhaigh') ('an Oibleagáid Dhlíthiúil'). Tá cóip de Ráiteas na Stiúrthóirí maidir le hIoncam Cáilitheach i gceangal le Foscríbhinn 1.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus an Iniúchára faoi seach

Is iad stiúrthóirí na cuideachta amháin atá freagrach as Ráiteas maidir le hIoncam Cáilitheach a sholáthar don Choimisiún don tréimhse de réir na hOibleagáide Dlíthiúla. Tá sé mar fhreagracht orainn mar iniúcháirí deimhniú a sholáthar do na stiúrthóirí, rud atá i gcomhréir le hAirteagal 13(2) den Ordú Tobhaigh lena chur isteach le Ráiteas na Stiúrthóirí maidir le hIoncam Cáilitheach arna ullmhú i gcomhréir le hAirteagail 12(1) agus 12(2) den Ordú Tobhaigh.

Bunús ár nDeimhniú

Is éard atá i gceist lenár nósanna imeachta na méideanna atá san áireamh i Ráiteas na Stiúrthóirí maidir le hIoncam Cáilitheach a chomhaontú le taifid chuntasaíochta na Cuideachta.

Ós rud é nach iniúchadh ná athbhreithniú a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (Éire) ná na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Rannpháirtíochtaí Athbhreithnithe iad ár nósanna imeachta, ní chuirimid aon dearbhú in iúl maidir leis an Ráiteas maidir le hIoncam Cáilitheach a ghabhann leo. Dá ndéanfaimis nósanna imeachta breise, nó dá ndéanfaimis iniúchadh nó athbhreithniú de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht (Éire), b'fhéidir go dtiocfadh nithe eile ar ár n-aire a bheadh tuairiscithe duit. Ina theannta sin, bhí na nósanna imeachta teoranta do na nithe a shonraítear sa Ráiteas maidir le hIoncam Cáilitheach agus níor bhain siad le ráitis airgeadais na Cuideachta ina n-iomláine. Dá bhrí sin, ní chuireann an tuarascáil seo aon dearbhú in iúl maidir le ráitis airgeadais na Cuideachta.

Ní dhéantar an tuarascáil seo ach do stiúrthóirí na Cuideachta, mar chomhlacht. Tugadh faoinár gcuid oibre ionas go bhféadfaimis deimhniú a eisiúint do na stiúrthóirí, atá i gcomhréir le hAirteagal 13 (2) den Ordú Tobhaigh agus ní chun aon chríche eile. Tá ár dtuarascáil dírithe ar na stiúrthóirí amháin lena n-úsáid chun a bhfreagrachtaí don Choimisiún a chomhlíonadh i ndáil leis an Ráiteas maidir le hIoncam Cáilitheach a chinneadh don tréimhse ábhartha. A mhéid is mó a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid freagracht ná nílimid freagrach as aon duine seachas an Chuideachta agus stiúrthóirí na cuideachta mar chomhlacht, as ár gcuid oibre, as an tuarascáil seo, nó as na hábhair atá leagtha amach inti.

Soláthraithe seirbhíse maidir leis na meán chlosamhairc ar éileamh

Deimhniú

Deimhnímid gur chomhaontaíomar na méideanna i Ráiteas na Stiúrthóirí maidir le hloncam Cáilitheach a shainaithnítear thuas a thaispeánann an tloncam Cáilitheach iomlán arb ionann é agus € <xxxxxx> do leabhair chuntais na Cuideachta.

[Ainm an Iniúcháora]

Roinn 3 – Critéir a úsáidtear chun rátáil riosca soláthraí seirbhíse meán chlosamhairc ar éileamh a chinneadh

Roinn 3.1 – Treoraíocht maidir le méid caighdeánach an tsampla

Tábla A, roghnaigh méid do shampla bunaithe ar an rátáil riosca (Íseal/Modhnú/Ard) don Soláthraí mar a chuir an Coimisiún in iúl don Soláthraí Seirbhíse.

Mar eolas, leagtar amach i Roinn 3.2 den doiciméad seo na critéir a úsáidtear chun teacht ar an rátáil riosca do Sholáthraí. Ní iarrtar ort ná ní éilítear ort aon obair a dhéanamh maidir le Roinn 3.2.

Rátáil Riosca	Íseal	Measartha	Ard
Líon na míreanna sa daonra	Méid an tSampla	Méid an tSampla	Méid an tSampla
>200	16	30	55
>100-200	10	16	25
>50-100	5	8	15
<50	3	4	5

Ba chóir do shampla a roghnú as an daonra ag baint úsáide as roghnú neamhrialta. Má tá an daonra níos lú ná íosmhéid an tsampla a thaispeántar sa tábla, ba cheart a áirithiú le méid an tsampla a roghnaítear go gcumhdaítear 90 % ar a laghad de luach an daonra.

Roinn 3.2 - Critéir Riosca: Mar fhaisnéis amháin

Ríomhfaidh an Coimisiún scór riosca le haghaidh gach Soláthraí Seirbhíse. Tabharfaidh an scór seo rátáil riosca Íseal / Measartha / Ard do gach Soláthraí Seirbhíse a chuirfear in iúl dóibh. Spreagfaidh an rátáil riosca, dá réir sin, méideanna na samplaí atá le húsáid ag Iniúchóir/Cuntasóir an tSoláthraí Seirbhíse agus an Ráiteas maidir le hloncam Cáilitheach an tSoláthraí Seirbhíse á thástáil.

Leagtar amach thíos na ceisteanna agus an scéim scórála atá le húsáid ag an gCoimisiún:

Ceisteanna le haghaidh na tréimhse tobhaigh roimhe sin	Freagra na Ceiste, Roghnaigh (A, B, C)	Gradaim pointí bunaithe ar an bhfreagra a tugadh
<p>Cathain a cuireadh isteach an tuairisceán maidir le Fógra Airteagal 20 – Iarraidh ar Fhaisnéis Tobhaigh le haghaidh na tréimhse tobhaigh roimhe sin?</p> <p>a. In am - 0</p> <p>b. Laistigh de 1 mhí – 5</p> <p>c. Níos mó ná mí amháin déanach – 10</p>		

<p>Cathain a cuireadh isteach an tuairisceán maidir leis an loncam Cáilitheach Deimhnithe?⁶</p> <ul style="list-style-type: none"> a. In am - 0 b. Laistigh de 1 mhí – 5 c. Níos mó ná mí amháin déanach – 10 		
<p>Cathain a fócadh tobhaigh na tréimhse tobhaigh roimhe sin leis an gCoimisiún?</p> <p>Tráthchuid 1</p> <ul style="list-style-type: none"> a. In am (laistigh de 30 lá ó dháta an tsonraisc) - 0 b. Idir 31 agus 40 lá de dháta an tsonraisc – 5 c. Níos mó ná 40 lá de dháta an tsonraisc – 10 <p>Tráthchuid 2</p> <ul style="list-style-type: none"> a. In am (laistigh de 30 lá ó dháta an tsonraisc) - 0 b. Idir 31 agus 40 lá de dháta an tsonraisc – 5 c. Níos mó ná 40 lá de dháta an tsonraisc – 10 <p>Tráthchuid 3</p> <ul style="list-style-type: none"> a. In am (laistigh de 30 lá ó dháta an tsonraisc) - 0 b. Idir 31 agus 40 lá de dháta an tsonraisc – 5 c. Níos mó ná 40 lá de dháta an tsonraisc – 10 <p>Tráthchuid 4</p> <ul style="list-style-type: none"> a. In am (laistigh de 30 lá ó dháta an tsonraisc) - 0 b. Idir 31 agus 40 lá de dháta an tsonraisc – 5 c. Níos mó ná 40 lá de dháta an tsonraisc – 10 		
<p>Cé chomh gar a bhí d'loncam Cáilitheach maidir le Fógra Airteagal 20 Iarraidh ar Fhaisnéis Tobhaigh do d'loncam Cáilitheach Deimhnithe le haghaidh na tréimhse tobhaigh roimhe sin? ⁷</p> <ul style="list-style-type: none"> a. <5 % difríocht – 0 b. 6 – 10 % difríocht - 5 c. >10% difríocht – 10 		

Rátáil Riosca le haghaidh Méideanna Samplacha	Íseal	Measartha	Ard
Scór iomlán na bpointí bunaithe ar na ceisteanna thuas	50 nó níos lú	> 50, <= 70	>70

⁶ Níor tharla próiseas réitigh 2025 go fóill, dá bhrí sin, beidh an rátáil riosca do na soláthraithe uile sa chatagóir seo cothrom le neamhní don bhliain tobhaigh sin.

⁷ Níor tharla próiseas réitigh 2025 go fóill, dá bhrí sin, beidh an rátáil riosca do na soláthraithe uile sa chatagóir seo cothrom le neamhní don bhliain tobhaigh sin.

